Coiste Eorpach na Réigiún

**RESOL-VII/031**

**An 157ú seisiún iomlánach, 9-10 agus 11 Deireadh Fómhair 2023**

# DRÉACHTRÚN PRÁINNEACH

**Glacadh an Rúin maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha san Aontas Eorpach agus tograí i bhfianaise an chéad Chláir Oibre Straitéisigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh 2024-2029**

**Arna chur isteach ag na grúpaí polaitiúla PPE, PSE, Renew Europe, an Chomhghuaillíocht Eorpach agus na Glasaigh**

**An sprioc-am chun leasuithe a chur síos: an 10 Deireadh Fómhair 2023 tráth nach déanaí ná 4 p.m., am na Bruiséile**

**Is leis an uirlis ar líne chun leasuithe a chur síos ba cheart na leasuithe ar an rún a chur isteach. Is fearr sin a dhéanamh i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis más féidir. Tá an uirlis sin ar fáil ar Thairseach na gComhaltaí ag https://memportal.cor.europa.eu/.**

Cúnamh ar fáil ón deasc chabhrach (+32 (0)2 546 96 97, ríomhphost: helpdesk@cor.europa.eu) ach a iarraidh. Sa bhreis air sin, tá treoir d'úsáideoirí ar fáil ag https://memportal.cor.europa.eu/.

Rún práinneach, arna thíolacadh i gcomhréir le Riail 45(3)(b) de na Rialacha Nós Imeachta, a bheidh le plé ar an dara lá den seisiún iomlánach an 11 Deireadh Fómhair 2023. Bainfear de chlár oibre an tseisiúin iomlánaigh é mura mbeidh sé formheasta ag an mBiúró an 9 Deireadh Fómhair 2023.

An líon sínithe is gá: 6


Rue Belliard/Belliardstraat 101 | 1040 Bruxelles/Brussel | BELGIQUE/BELGIË | Tel. +32 22822211
www.cor.europa.eu | @EU_CoR | /european.committee.of.the.regions | /european-committee-of-the-regions | @EU_regions_cities

GA

**Dréachtrún maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha san Aontas Eorpach agus tograí i bhfianaise an chéad Chláir Oibre Straitéisigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh 2024-2029**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

– *Tuarascáil bhliantúil 2023 an Aontais Eorpaigh maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha* ó CnaR, lena ngabhann suirbhé a rinneadh i measc ionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha, ina gcuirtear ar fáil do lucht déanta cinntí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil fianaise agus moltaí mórthábhachtacha maidir leis na dúshláin is práinní atá romhainn in oirchill an chéad Chlár Oibre Straitéisigh eile do 2024-2029[1].

– An t-aitheasc ar Staid an Aontais 2023 a thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Meán Fómhair 2023 agus an litir intinne chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle.

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

– Tá brú mór á chur ag an gcogadh san Úcráin ar a lán teaghlach, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus rialtais áitiúla agus réigiúnacha ar fud an Aontais de thoradh an bhrú shuntasaigh breise ó phraghsanna fuinnimh agus bia agus ón mboilsciú leanúnach, rud atá ag cur le tionchar an athraithe aeráide, le hiarmhairtí phaindéim COVID-19, leis an gcur isteach ar thrádáil, agus le héagothromaíochtaí sóisialta.

**A.** Cuireann sé **moltaí CnaR i láthair ó *Thuarascáil Bhliantúil 2023 an Aontais Eorpaigh maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha*** don chéad téarma reachtach eile a bheidh ag an Aontas, mar leanas:

***Na réigiúin agus na cathracha i mbun géarchéimeanna a bhainistiú***

*An dlúthpháirtíocht leis an Úcráin*

1. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas Eorpach leanúint den tacaíocht atá sé a chur ar fáil don Úcráin agus treisiú léi. Ina éagmais sin, tá sé ag tathant ar an Aontas leas a bhaint as poitéinseal, acmhainneachtaí agus saineolas réigiúin agus chathracha na mBallstát ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine, athchóirithe a dhéanamh ar an tír, go háirithe maidir lena dílárú, agus comhtháthú na tíre san Aontas féin. Chuige sin, ba cheart do Shaoráid na hÚcráine bunphrionsabail bheartas réigiúnach an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus an cistiú is gá a sholáthar le haghaidh fothú acmhainneachta agus tionscadail idir piaraí i measc na n-údarás réigiúnach agus áitiúil.

2. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil Comhghuaillíocht Eorpach na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine, tionscadal atá á chomhordú ag an gCoiste, thar a

[1] https://cor.europa.eu/ga/our-work/Pages/State-of-Regions-and-Cities-2023.aspx

bheith tábhachtach maidir le hacmhainneachtaí áitiúla agus réigiúnacha san Úcráin a neartú, le borradh a chur faoin gcomhar idir piaraí, le cúnamh a thabhairt do na húdaráis áitiúla san Úcráin eolas a chur ar *acquis* an Aontais Eorpaigh agus le comhairle a thabhairt faoi chur chun feidhme an phróisis díláraithe.

3. Tá CnaR ag iarraidh go dtabharfaí breis tacaíocht dhíreach do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san Aontas Eorpach ionas gur féidir dóibh déileáil le lánpháirtiú dídeanaithe ón Úcráin sna bailte agus réigiúin Eorpacha óstacha agus chun seirbhísí a chur ar fáil, go príomha ó thaobh cúram leighis, oideachais agus fostaíochta de.

*An t-aistriú fuinnimh*

4. Cuireann CnaR i dtábhacht go mbeidh an tAontas Eorpach neamhspleách i gcúrsaí fuinnimh de thoradh an aistrithe fuinnimh atá ar bun aige ós amhlaidh a bheidh sé ag brath go príomha feasta ar fhuinneamh glas a tháirgtear agus a ídítear go háitiúil. Dá bhrí sin, is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus a n-ionadaithe tofa, is mó a chuirfidh brí cheart san aistriú glas agus a luathóidh leis d'fhonn a chinntiú go mbeidh rath air ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart dóibh a bheith lán-rannpháirteach mar chomhpháirtithe sna hiarrachtaí atá ar siúl chun comhairliúchán áitiúil agus gníomhaíochtaí feasachta poiblí a chumasú. Tugann CnaR le fios go bhfuil an t-aistriú fuinnimh ar an leibhéal áitiúil á éascú aige féin a bhuí le tionscnamh dá chuid, 'An Comhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil', agus lena rannpháirtíocht i gCúnant na Méaraí.

5. Tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí tacaíocht agus infheistíochtaí breise ón Aontas ar fáil do na réigiúin agus na cathracha trí bhíthin sásraí cistiúcháin tiomnaithe, ina measc cistí díreacha, a chuirfidh tacaíocht ar fáil le haghaidh na nuálaíochta inbhuanaithe. Ba cheart don tacaíocht sin cur lena bhfuil bainte amach ag an tionscnamh REPowerEU chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid, chun eangacha cliste a thabhairt chun cinn agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach, rud a chuirfidh táirgeadh agus tomhaltas an fhuinnimh áitiúil chun cinn freisin, agus chun neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a fheabhsú.

*Gníomhú ar son na haeráide*

6. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú le dea-chleachtais a scaipeadh ar bhonn áitiúil a bheadh ar aon dul leo sin a sainaithníodh i Lámhleabhar CnaR ar an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil[2]. Is gá sin a dhéanamh toisc go gcuirfidh iarmhairtí an athraithe aeráide leis na neamhionannais ó réigiún go chéile atá ann cheana mar gheall ar an tionchar neamhshiméadrach a bheidh aige ar phobail éagsúla, an damáiste a dhéanfaidh sé do bhonneagar mórthábhachtach, agus an tslí a gcuirfidh sé isteach ar thurasóireacht, ar bhraislí tionsclaíocha agus ar tháirgeadh talmhaíochta. Tá sé á thabhairt le fios aige, i ndáil leis sin, go bhfuil an ról is mó tábhacht ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus gurb iad is mó atá freagrach as gníomhaíochtaí áitiúla a dhéanamh d'fhonn drochthionchair an mhéadaithe ar theochtaí domhanda a mhaolú.

2 https://cor.europa.eu/ga/engage/Pages/Green-Deal-Handbook.aspx

7. Tá CnaR láidir air gur cheart don aistriú aeráide a bheith cothrom agus cóir, gan aon réigiún ná duine a fhágáil ar lár. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dlús a chur lena shásraí dlúthpháirtíochta agus comhtháthaithe, rud a chuirfidh ar a gcumas dá réigiúin agus dá chathracha cur go mór le hinfheistíochtaí san oiriúnú don athrú aeráide agus san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Ar a mhuin sin, cinnteofar nach iad na críocha ná na grúpaí sóisialta is leochailí is mó a bheidh caillteach leis. I dtreo gurbh fhéidir don Aontas a réigiúin a chosaint ar thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide, ba ghá dó thart ar EUR 40 billiún a infheistiú in aghaidh na bliana, ar chuntar nár mhó ná 1.5°C an méadú a thiocfadh ar an teocht dhomhanda.

8. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil sé le dul i gcomhpháirtíocht le hIonad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh d’fhonn úsáid na Deaise Leochaileachta Réigiúnaí agus Áitiúla a chur chun cinn maidir le tubaistí agus rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus tá súil aige go mbeidh an Deais sin ina paraiméadar le haghaidh straitéisí athléimneachta feasta agus go gcuirfear san áireamh í i ndearadh an bheartais comhtháthaithe.

*Sábháilteacht bia*

9. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún creatdlí na gcóras bia inbhuanaithe a fhoilsiú gan a thuilleadh moille. Maidir leis sin, cuireann CnaR i dtábhacht gur gá don Eoraip tuilleadh infheistíochta a dhéanamh láithreach bonn i dtáirgeadh na talmhaíochta áitiúla inbhuanaithe agus slabhraí soláthair na hearnála sin a ghiorrú. Ina theannta sin, gnéithe mór-riachtanacha chun cur le sábháilteacht agus athléimneacht bia is ea tús áite a thabhairt do tháirgí áitiúla, iad a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe agus aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe.

10. Leagann CnaR béim air gur sheol sé féin Gradam Orgánach an Aontais i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach chun táirgeadh áitiúil inbhuanaithe a chur chun cinn i réigiúin an Aontais.

11. Tá CnaR réidh lena chion féin a dhéanamh ar son an tionscnaimh nua maidir le hathléimneacht uisce a fógraíodh agus tá sé ag iarraidh go rachfaí ar iontaoibh cur chuige straitéiseach chun cabhrú le réigiúin áirithe cur in éadan an triomaigh agus ganntanas uisce a bhainistiú, trí chur lena bhfuil de thaithí sna réigiúin sin cheana maidir le tomhaltas laghdaithe, athúsáid mhéadaithe agus fadhb an fhuíolluisce a réiteach.

***Réigiúin agus cathracha mar ghníomhaithe ar son na forbartha inbhuanaithe agus an chomhtháthaithe***

*An Comhaontú Glas don Eoraip agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe*

12. Tá CnaR ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na comhreachtóirí bailchríoch a chur ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip trí na tograí reachtacha maidir le lotnaidicídí, athbhunú an dúlra, síolta, leas ainmhithe agus an creatdlí maidir le córais bhia inbhuanaithe a ghlacadh faoi dheireadh an tsainordaithe reatha.

13. Tá sé á thabhairt le fios aige go bhfuil ról lárnach ag na réigiúin agus na cathracha i gcur chun feidhme rathúil bheartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

14. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas creat comhsheasmhach comhdhlúite a chur ar fáil le haghaidh an fháis inbhuanaithe agus na cláir oibre aeráide, shóisialta agus inbhuanaitheachta a ailíniú le chéile maille leis na bearnaí airgeadais, saineolais agus nós imeachta a dhúnadh trí chistiú díreach agus treoir nithiúil a chur ar fáil, sin agus trí bhuiséadú glas agus rannpháirteach a chur chun cinn agus tuilleadh béime a chur ar an dea-chomhordú, an tsolúbthacht, an simpliú, an trédhearcacht agus cumarsáid fheabhsaithe.

15. Cuireann CnaR chun suntais gur féidir le Tionscnamh an Choiste um an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil a bheith ina eiseamláir maidir le rannpháirtíocht fheabhsaithe na réigiún agus na gcathracha sna hiarrachtaí sin agus tá sé ag iarraidh ar na hinstitiúidí eile tuilleadh sineirgí a fhorbairt i gcomhar leis féin sa réimse sin.

*An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach*

16. Aithníonn CnaR go bhfuil dúshláin eiseacha le sárú ag roinnt mhaith réigiún agus cathracha san Eoraip mar gheall ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Cuireann sé i bhfios go bhfuil rannpháirtíocht fhíor-riachtanach na réigiún agus na gcathracha i rialachas dhlíthe an Aontais le déanaí, cuir i gcás an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Tá sé ag iarraidh ar an Aontas go dtabharfaí ról dó ar chomhlachtaí rialaithe agus faireacháin an Aontais.

17. Cuireann CnaR chun suntais a fhiúntaí atá na comhghuaillíochtaí réigiúnacha reatha nó úrnua a thacaíonn leis na réigiúin sin a bhfuil claochlú ag dul orthu, cuir i gcás Comhaontas Réigiúin an Tionscail Gluaisteán a chuir CnaR ar bun, agus Comhghuaillíocht Eorpach na Réigiún Leathsheoltóirí. Tá sé á chur in iúl aige gur shainaithin na comhreachtóirí Eorpacha sa reachtaíocht ábhartha Comhaontas Réigiúin an Tionscail Gluaisteán mar chomhpháirtí príomha ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh straitéis um aistriú cóir do na réigiúin sin a bhfuil earnáil thionsclaíoch láidir mótarfheithiclí agus soláthair acu.

18. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas dlús a chur leis na hiarrachtaí chun athléimneacht dhigiteach na riarachán poiblí a mhéadú, lena n-áirítear ar an leibhéal fonáisiúnta, mar shampla trí fheachtais múscailte feasachta maidir le cibearbhagairtí a reáchtáil a bheidh dírithe ar ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha. Tá tábhacht thar meán leis sin, ós rud é gur ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais is mó a dhéantar cibirionsaithe anois, rud a fhágann go ndúntar bonneagar poiblí ríthábhachtach go sealadach agus go mbíonn iarmhairtí tubaisteacha ann do shaoránaigh an Aontais. Is oth le CnaR nach bhfuil a ndóthain eolais, acmhainní airgeadais ná acmhainneachtaí eagraíochtúla ag go leor réigiún agus cathracha chun an athléimneacht dhigiteach a chothú.

*Todhchaí an bheartais comhtháthaithe*

19. Aithníonn CnaR go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe, de thoradh na hinfheistíochta fadtéarmaí a dhéantar faoina chúram, sa mhéid gur féidir leis an bhearna forbartha idir na réigiúin a dhúnadh i gceart, rannchuidiú le feidhmiú feabhsaithe an mhargaidh aonair, agus cuidiú le cur in éadan thíreolaíocht na míshástachta.

20. Tá sé ag iarraidh ar an Aontas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartas láidir áitbhunaithe a bhuí le cur chuige misin faoin bhféadfar tacú le críocha agus pobail uile an Aontais. Ní mór don Aontas an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' a chur i bhfeidhm i ngach beartas agus tionscnamh de chuid an Aontais trí mheasúnuithe tionchair chríochaigh cuimsitheacha a dhéanamh.

21. Is oth le CnaR go dtreisíonn an rialachán nua 'STEP' agus tograí athbhreithnithe CAI ionstraimí AE a bhainistítear ar bhonn lárnach gan foráil a dhéanamh maidir le treisiú buiséadach ar an mbeartas comhtháthaithe. Tá sé á chur i bhfios aige go bhfeidhmeoidh an Chomhghuaillíocht um Chomhtháthú, a bhunaigh CnaR in éineacht leis na príomhchomhlachais chríochacha Eorpacha, mar ardán díospóireachta agus malartaithe, agus go dtabharfaidh sí institiúidí an Aontais i ngaire do na cathracha agus na réigiúin.

*An clár oibre tuaithe*

22. Tá rabhadh á thabhairt ag CnaR go mbeidh 30 milliún duine tar éis ceantair thuaithe na hEorpa a fhágáil faoi 2033 i gcomparáid le figiúr na bliana 1993, más fíor na meastacháin a rinneadh, agus cuireann sé chun suntais go bhfágann daoine óga agus teaghlaigh ceantair thuaithe mar gheall ar an easpa fostaíochta agus seirbhísí poiblí atá iontu, cuir i gcás scoileanna, ospidéil, iompar poiblí agus nascacht dhigiteach.

23. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas Eorpach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sna ceantair thuaithe ós rud é go gcuireann siad go mór le haistriú glas an Aontais i réimsí mar an táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, bia inbhuanaithe maille le caomhnú agus athbhunú an dúlra.

24. Cuireann CnaR i dtábhacht cad é mar ghá atá leis an gcéad ghlúin eile de chláir an bheartais comhtháthaithe agus leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun borradh a chur faoi infheistíochtaí agus athchóirithe le gur féidir na gaistí forbartha tallainne i réigiúin an Aontais a laghdú, tuilleadh ionchas eacnamaíoch a thabhairt don óige agus folláine eacnamaíoch agus shóisialta na bpobal tuaithe a áirithiú.

***Cruth á chur ag na réigiúin agus na cathracha ar thodhchaí na hEorpa***

*An daonlathas Eorpach*

25. Cuireann CnaR chun suntais cad é mar dheis uathúil atá ag an 1.2 milliún ionadaí áitiúil agus réigiúnach chun córas daonlathach na hEorpa a chur chun cinn agus a chosaint ós iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar an leibhéal polaitiúil is iontaofa lena gcomhshaoránaigh. Os a choinne sin, is iad na hionadaithe céanna sin is mó a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar mhíshástacht

mhéadaitheach an phobail agus is mó ná riamh an fhuathchaint a chaitear leo, gan trácht ar an bhforéigean fisiceach agus an cibearfhoréigean a dhéantar orthu, rud is fíor go háirithe i gcás polaiteoirí ban agus polaiteoirí ar de mhionlaigh iad. Ina fhianaise sin, athdhearbhaíonn CnaR a thábhachtaí atá sé oidhreacht an Mhéara Paweł Adamowicz a chur chun cinn ar mhaithe leis an daonlathas áitiúil a chosaint agus dearbhaíonn sé go bhfuil rún daingean aige eolas faoina oidhreacht siúd a scaipeadh a bhuí sin le Gradam Paweł Adamowicz a ceapadh d'aon ghnó ina chomhair sin.

26. Athdhearbhaíonn CnaR gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chuireann os cionn 70 % de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh chun feidhme agus, dá bhrí sin, gur maith is féidir leo aiseolas praiticiúil a chur ar fáil maidir le beartais Eorpacha. Ní foláir ról níos mó agus níos fearr a bheith acu dá réir i bpróiseas ceaptha beartas agus i gcinnteoireacht an Aontais.

27. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas ról a thabhairt do na hionadaithe áitiúla agus réigiúnacha agus dó féin go córasach sa sásra idirphlé idir na saoránaigh agus institiúidí an Aontais tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Tá sé ag iarraidh freisin go gcuirfí luachanna na hEorpa agus rannpháirtíocht na saoránach chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil trí thacú le tionscadail nithiúla, ag leanúint dóibh, mar shampla, na dea-chleachtais a liostaítear sa bhunachar sonraí 'Luachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an oideachas agus an cultúr'[3].

28. Cuireann CnaR i dtábhacht gur féidir le Clár na bPolaiteoirí Tofa Óga agus Líonra Eorpach na gComhairleoirí Áitiúla agus Réigiúnacha, dhá thionscadal a chuir an Coiste ar bun, an nasc idir institiúidí an Aontais agus na pobail áitiúla a threisiú, rannpháirtíocht na hóige a spreagadh, cur in éadan na bréagaisnéise agus léargais úsáideacha a thabhairt do lucht ceaptha beartas ar leibhéal an Aontais.

*Méadú an Aontais Eorpaigh*

29. Cuireann CnaR chun suntais gur féidir le réigiúin agus cathracha an Aontais tacaíocht bhreisluacha a chur ar fáil do phróiseas méadaithe an Aontais trí thacaíocht pholaitiúil agus phraiticiúil a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha, mar shampla trí fhormáidí comhair idir piaraí a chur chun cinn.

30. Cuireann CnaR in iúl go bhfuil sé léirithe sna méaduithe a rinneadh ar an Aontas roimhe seo go bhfuil tábhacht thar na bearta leis an dílárú agus le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach nuair a bhíonn iarrthóirí á n-ullmhú féin do bhallraíocht AE d'fhonn a chinntiú go mbeidh rath ar a n-iarratas.

31. Tá CnaR ag moladh go mbeadh comhar trasteorann ní ba láidre ann leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chomharsanacht; cuireann sé chun suntais gur féidir le CnaR ról speisialta a bheith aige maidir le cúnamh a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i dtíortha is

---

3 https://cor.europa.eu/ga/regions/Pages/EIR-map.aspx?view=stories&type=sedec

iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha chun iad féin a ullmhú don aontachas leis an Aontas agus chun dul i ngleic leis an tnáitheadh a thagann ar iarrthóirí agus iad i mbun an phróisis.

**B.** Tá CnaR ag cur **na moltaí seo a leanas chun cinn d'fhonn an chéad timthriall beartais eile de chuid an Aontais agus an chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile de chuid an Aontais 2024-2029 a mhúnlú**:

32. Cuireann CnaR i dtábhacht gur thug na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le linn an téarma reachtaigh seo, tacaíocht nach beag do chreatlach dhaonlathach an Aontais d'fhonn a neartaithe, agus gurb iad a láimhseáil freagairt an Aontais ar an láthair ar ghéarchéimeanna móra, cuir i gcás COVID-19, an t-athrú aeráide agus tionchar an chogaidh san Úcráin. Ina éagmais sin, bhí siad ar thús cadhnaíochta ar an mbealach inbhuanaithe agus comhtháite i dtreo na n-aistrithe glasa agus digiteacha san am céanna.

33. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil an Coimisiún chun roinnt athbhreithnithe beartais a chur le chéile, ar a n-áirítear maidir le méadú an Aontais (le cur i láthair faoi Uachtaránacht na Beilge). Tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún ról a thabhairt gan mhoill do CnaR agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nuair a bheidh na hathbhreithnithe beartais sin a n-ullmhú.

34. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile 2024-2029 a ullmhú trí ról a thabhairt do gach leibhéal rialtais, rud a chinnteoidh go mbeidh teacht ón mbun aníos ar na smaointe agus na hacmhainní uile atá ar fáil don Aontas chun gur féidir dó aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá amach romhainn.

35. Ina theannta sin, tá CnaR láidir air gur cheart don Aontas Eorpach dlús a chur lena sheasamh réamhghníomhach i leith mórthreochtaí agus mórathruithe domhanda, tríd an gcomhar idir na húdaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha a neartú a thuilleadh maidir le fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus obair ullmhachta. Cuidiú a bheidh sa mhéid sin chun Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2024-29 a mhúnlú, agus a áirithiú go leanfaidh sé de bheith athléimneach in ainneoin gur mór idir cásanna an lae inné agus an lae amárach.

36. Cuireann CnaR chun suntais gur gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh ar an mbealach i dtreo na forbartha inbhuanaithe trína chinntiú gur treoir phríomha iad an Comhaontú Glas don Eoraip agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun tosaíochtaí na gcúig bliana atá amach romhainn a shainiú.

37. Leagann CnaR béim air gur réamhriachtanas, murab ionann is riamh, é an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach chun todhchaí na hEorpa a chosaint; ina cheann sin, aithníonn sé breisluach an chomhtháthaithe mar luach bunaidh agus mar chuspóir trasearnálach de chuid an Aontais. Tá sé ag iarraidh go gcuirfí an comhtháthú i gcroílár an Chláir Oibre Straitéisigh nua 2024-2029, chun nach gcruthódh an t-athrú aeráide tuilleadh éagothromaíochtaí ó réigiún go chéile agus ionas go gcuirfí srian san fhadtéarma leis an díscor agus leis an míshástacht.

38. Cuireann CnaR i dtábhacht nach dtiocfaidh ann don fhás inbhuanaithe agus don rathúnas eacnamaíoch i margadh aonair an Aontais mura mbeidh bonn tionsclaíoch na hEorpa iomaíoch a dhóthain, mura mbeidh sé in acmhainn an t-athrú teicneolaíoch a stiúradh agus mura mbeidh a slabhraí luacha athléimneach a ndóthain. Maidir leis sin, tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas a áirithiú gur féidir leis na príomhbhraislí tionsclaíocha agus na hearnálacha íogaire, cuir i gcás bia, sláinte, gluaisteáin, ceimiceáin, teicstílí, fuinneamh agus earnálacha digiteacha, feidhmiú faoi chreat rialála fabhrach a chuirfidh ar a gcumas leanúint dá ngníomhaíochtaí gnó san Aontas agus dul san iomaíocht lena macasamhlacha sna margaí idirnáisiúnta.

39. Tá CnaR ag iarraidh go ndéanfaí clár oibre don Eoraip Dhomhanda amach anseo a chur le chéile i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus go dtabharfaí ról ní ba mhó dóibh ós amhlaidh nach bréag a rá go bhfuil siad ag iompú ina ngníomhaithe domhanda in go leor earnálacha. Chomh fada leis sin, tá sé ag iarraidh go láidir go mbeadh na rialtais fhonáisiúnta rannpháirteach, murab ionann ná riamh, ní hamháin sna fóraim beartais iltaobhaigh, mar a tharla ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, ach freisin mar chuid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais, trí thacaíocht mhéadaithe a chur ar fáil d'ardáin a cuireadh ar bun i gcomhar le cathracha agus réigiúin ó ilchríocha eile.

40. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil méadú ar an ngá atá le hullmhacht shistéamach i leith géarchéimeanna daonnúla a eascraíonn as tubaistí aeráide nó tubaistí nádúrtha eile san Aontas agus ar fud an domhain, ós minice ná riamh na géarchéimeanna sin ag titim amach. Ina cheann sin, cuireann sé i dtábhacht an ról lárnach atá ag na réigiúin agus na cathracha chun crann taca na dlúthpháirtíochta a dhéanamh den Eoraip (ar an leibhéal domhanda freisin) agus tá sé ag iarraidh ar an Aontas comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú agus creat a chur ar fáil lena gcuirfear feabhas ar ullmhacht agus freagrúlacht éigeandála an Aontais ar gach leibhéal rialtais.

41. Tá rabhadh á thabhairt ag CnaR go mbeidh gá ag an Aontas le hacmhainní buiséadacha atá comhréireach le leibhéal na n-uaillmhianta domhanda agus intíre atá leagtha amach sa Chlár Oibre Straitéiseach 2024-29 a bheidh i bhfeidhm amach anseo agus cuidiú a bheidh ann freisin chun an tAontas a ullmhú don chéad deich mbliana eile. Leagann sé béim air gur gá leibhéil leordhóthanacha infheistíochta a ráthú ionas go mbeidh gach réigiún in ann luí isteach ar na haistrithe glasa, digiteacha, tionsclaíocha, sochaíocha agus déimeagrafacha; tá sé ag moladh go ndéanfaí na sásraí buiséadacha AE sin a threisiú atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus éigeandálaí a thiocfaidh aniar aduaidh air, agus é sin a dhéanamh ar bhealach comhordaithe atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht. Tá CnaR ag iarraidh ar an Aontas measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tionchar san fhadtéarma a mheastar a bheidh ag cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar bhuiséad an Aontais.

42. Tugann sé dá aire go bhfuil iarrtha go neamhbhalbh ag saoránaigh na hEorpa go gcuirfí athrú nach beag ar an gcóras rialachais Eorpach; measann sé gur gá, i bhfianaise thorthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, athchóiriú ardaidhmeannach a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tAontas má tá i ndán go rithfidh leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá amach rompu.

43. Chomh fada leis sin, tacaíonn CnaR leis an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ar Choinbhinsiún tríd an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí (Airteagal 48 CAE) a

ghníomhachtú agus cuireann sé in iúl gur cheart go mbeadh CnaR agus a chomhaltaí rannpháirteach go hiomlán in aon Choinbhinsiún a bheadh ann amach anseo.

44. Síleann CnaR, idir an dá linn, gur cheart, ach forálacha an leagain reatha den Chonradh a bharrfheabhsú, go bhféadfaí tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais a áirithiú, ar a n-áireofaí béim ní ba mhó a chur ar an gcoimhdeacht, ar an rialachas il-leibhéil agus ar ról an Choiste. Síleann sé, i ndáil leis sin, nach féidir na nithe réamhráite a bhaint amach go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr le linn an chéad timthrialla beartais eile.

45. Athdhearbhaíonn CnaR gur iarradh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa go dtabharfaí ról feabhsaithe dó féin sa struchtúr institiúideach i ngach a mbaineann leis an tionchar críochach. Leis an athbhreithniú atá beartaithe ar na Comhaontuithe Comhair atá tugtha i gcrích ag CnaR leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa, tá caoi ann ar dhul chun cinn a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht chórasach an Choiste sna príomhthionscnaimh sin a bhfuil gné chríochach ag baint leo ar feadh a dtimthrialla beartais, ó na céimeanna réamhreachtacha agus reachtacha go dtí an cur chun feidhme agus an t-athbhreithniú.

46. Is díol sásaimh do CnaR an obair cheannródaíoch a rinne an Coimisiún Eorpach le linn an tsainordaithe sin maidir leis an gcomhionannas inscne, agus athdhearbhaíonn sé a thiomanta atá an Choiste a chion féin a dhéanamh i gcás na gcomhad ábhartha uile. Chomh fada leis sin, tá CnaR tiomanta an comhionannas inscne a chur chun cinn i measc a chomhaltaí agus in obair an Choiste, tacaíocht a thabhairt chun na mná a chumhachtú sna toghcháin áitiúla agus réigiúnacha agus chun cur in éadan an leatroim agus an fhoréigin a dhéantar orthu agus na mbacainní nach foláir dóibh a shárú fós i ngach gné den saol. Athdhearbhaíonn sé gur féidir leis na cathracha agus na réigiúin creataí, beartais agus bearta cuimsitheacha atá tuisceanach ar chúrsaí inscne a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun cur in aghaidh an fhoréigin inscnebhunaithe.

47. Tá CnaR ag treorú an Uachtaráin Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Aontais Eorpaigh maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha mar aon leis an rún seo a thabhairt ar láimh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí, agus do Chinn Stáit agus/nó Rialtais na 27 mBallstát; agus ag spreagadh na n-ionadaithe tofa réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip leis an tuarascáil a chur ar a súile do na saoránaigh agus do na meáin áitiúla.

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco Alves CORDEIRO

_____________